An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

# Stiúrthóir Náisiúnta um Thús Áite do Thithíocht (Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach)

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fís na Gníomhaireachta tithe a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu leo. Déanann sí é sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Baineann trí théama leathana le hobair na Gníomhaireachta maidir le tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a chur ar fáil do chách agus tá ár bhfócas leanúnach ar bharrfheabhas san Eagraíocht ina chuidiú leis an méid seo a chur i gcrích. Is iad seo leanas na trí théama sin:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- Dul i ngleic le Soláthar agus Inacmhainneacht Tithíochta
- Tacú le Pobail Inbhuanaithe agus Ionchuimsitheacha a Fhorbairt.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- Na Scéimeanna um Leasúchán Piríte agus Bloic Choincréite Fhabhtacha
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta
- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas/Dul i ngleic le hIonchuimsiú Sóisialta

Tá tuilleadh eolais faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag lorg iarratas ar phost buan mar Stiúrthóir Tithíochta ar Thús Áite do Thithíocht (Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach). Tá an post seo bunaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

Cur chuige faoi stiúir tithíochta is ea Tithíocht ar dTús a chuireann ar chumas daoine a bhfuil stair chodlata amuigh acu nó úsáid fhadtéarmach cóiríochta éigeandála, agus a bhfuil riachtanais chasta acu, cóiríocht bhuan shlán a fháil trí thacaíochtaí diana a sholáthar chun cabhrú leo a dtionóntachtaí a choinneáil. Tá cur chun feidhme an phlean ina chomhthionscnamh de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, na Roinne Sláinte, FSS agus Údarás Áitiúil, i gcomhar le comhpháirtithe ENR. Tá os cionn 1,000 tionóntacht Tús Áite do Thithíocht ann faoi láthair, agus tá sé beartaithe 240 tionóntacht ar an meán in aghaidh na bliana a bhaint amach faoin bplean cur chun feidhme reatha a mhairfidh go dtí deireadh 2026 agus Clár an Rialtais lena léirítear tiomantas do 2,000 tionóntacht eile.

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Thús Áite do Thithíochta mar acmhainn chomhtháite tras-rialtais a thacaíonn leis an earnáil chun oibriú le chéile chun freastal ar riachtanais na ndaoine a chaithfidh codladh amuigh nó atá i gcóiríocht éigeandála fhadtéarmach. Déanann Grúpa Maoirseachta Náisiúnta um Chur Chun Feidhme maoirseacht uirthi, atá faoi chathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus na Roinne Sláinte, agus atá comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, ó CBCC agus ó Oifig Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta FSS chun tacú leis an gclár de réir mar a leathnaigh sé chun bheith ina réiteach comhtháite tábhachtach ar easpa dídine chasta. Beidh príomhról ag an Stiúrthóir Náisiúnta ar Thús Áite do Thithíochta i gcomhordú na freagartha sin agus oibreoidh sé i ngach réimse den Rialtas chun réitigh éifeachtacha agus forbairt clár a sholáthar.

Tuairisceoidh an Stiúrthóir Náisiúnta don Stiúrthóir Seirbhísí agus Cuimsithe mar atá tarmligthe faoi láthair ag POF na Gníomhaireachta Tithíochta. Tacóidh an Stiúrthóir Náisiúnta le hobair an Ghrúpa Maoirseachta Náisiúnta um Chur Chun Feidhme agus cuirfidh sé ceannaireacht straitéiseach ar fáil do Phobal Tús Áite do Thithíocht. Beidh gá taisteal ar fud na tíre chun tacú leis an gclár sna 31 Údarás Áitiúil uile.

Glactar leis go mbeidh an té a cheapfar ina b(h)all foirne a mbeidh baint ghníomhach aige/aici le forbairt fhoriomlán na Gníomhaireachta Tithíochta, a chuirfidh beartais na Gníomhaireachta Tithíochta chun cinn i gcónaí agus a chloífidh le luachanna na Gníomhaireachta Tithíochta:

https://www.housingagency.ie/publications/strategy-annual-report

## Values




The values of the Housing Agency set the standard for the way we work with our colleagues and our stakeholders. In this strategic period, we will continue to embed our values throughout the organisation to guide and inform everything we do.

We will place a particular focus on internal and external collaboration. We have placed people at the centre of everything we do to highlight the importance of our staff, our stakeholders, and the people we are working to support with housing needs.

## Príomhdhualgais

Beidh Stiúrthóir Náisiúnta Thithíocht ar dTús freagrach as:

- Comhordú a dhéanamh ar cur chuige náisiúnta, Tras-Rialtais i leith Tithíocht ar dTús agus é a thiomáint chun cinn;
- maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí ardchaighdeáin;
- Tacú le cur i bhfeidhm chlár Thithíocht ar dTús ar bhonn réigiúnach agus áitiúil;
- maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag baint amach spriocanna Tús Áite do Thithíocht;
- foireann Tús Áite do Thithíocht a bhainistiú de réir mar is cuí;
- tacú leis an bpróiseas soláthair nuair is gá do Réigiúin Easpa Dídine lena chinntiú go bhfuil tacaíochtaí éifeachtacha do thionóntaí i bhfeidhm;
- tacú le próiseas bailíochtaithe costais deisiúcháin agus é a bhainistiú chun tacú leis an earnáil maidir le costais oibriúcháin;
- tacaíocht a chur ar fáil do réigiúin maidir le bainistíocht cásanna casta agus réitigh;
- cláir oiliúna ar Thús Áite do Thithíocht a fhorbairt d'fhoirne tosaigh agus do Speisialtóirí Piaraí;
- taighde cuí a dhéanamh ar Thús Áite do Thithíocht chun tacú le cleachtas fianaise-bunaithe chun an clár a fhorbairt;
- ionchur seimineáir agus comhdhála a sholáthar chun aird a tharraingt ar an gclár Tús Áite do Thithíocht agus réitigh phraiticiúla a chur chun cinn;
- maoirseacht a dhéanamh ar chomhdháil bhliantúil Tús Áite do Thithíocht atá dírithe ar fhoirne tosaigh chun tacú lena róil;
- Cur le pleanáil buiséid;
- Cur le beartais agus nósanna imeachta eagraíochtúla agus iad a chur chun feidhme; agus
- Feidhmeanna sainiúla eile ar bith a chur chun feidhme de réir mar a bheadh gá leo ó am go ham.

D'fhonn na freagrachtaí seo a chomhlíonadh, ceanglófar ar an Stiúrthóir Náisiúnta:

**1. Cur Chuige Náisiúnta, Tras-Rialtais a fhorbairt maidir le Tús Áite do Thithíocht**

- Oibriú i gcomhar le Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit, FSS, údaráis áitiúla, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe leasmhara eile chun na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Forfheidhmithe Náisiúnta um Thús Áite do Thithíocht a bhaint amach.
- Comhoibriú agus idirbheartaíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla chun a chinntiú go bhfuil soláthar oiriúnach tithíochta, mar aon le tacaíochtaí timfhillte, i bhfeidhm chun an Plean a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go bhfuil an clár Thús Áite do Thithíocht comhtháite go dlúth le straitéisí agus bearta eile chun dul i ngleic le heaspa dídine agus chun soláthar tithíochta a mhéadú.
- Tuarascáil a sholáthar faoin gclár Tús Áite do Thithíocht don Choiste Náisiúnta Gnímh do Dhaoine gan Dídean arna bhunú faoi phlean gníomhaíochta do Thithíocht do Chách.

2. **Cabhrú lena Sholáthar**
    - Cuidiú le húdaráis áitiúla agus le comhpháirtithe soláthair seirbhíse freagra iomchuí maidir le Tithíocht ar dTús a fhorbairt agus a sholáthar i limistéir inar léiríodh riachtanas.
    - Tacú le próisis tairisceana don chlár Thithíocht ar dTús agus tacaíocht a sholáthar de réir mar is gá i ngach réigiún den tír.
    - Cuidiú le gach réigiún a chinntiú go bhfuil seirbhísí for-rochtana agus sráide do dhaoine a chodlaíonn amuigh faoin aer ag teacht le torthaí Thithíocht ar dTús a sholáthar. Eagraítear seirbhísí riaracháin do dhaoine gan dídean ar fud naoi réigiún riaracháin, agus tá freagracht fhoriomlán ar údarás áitiúil amháin i ngach réigiún ar a dtugtar an 'príomhúdarás'.
    - Oibriú le seirbhísí príosúin agus promhaidh chun tionóntaí a aithint agus chun tacú le laghdú ar athchiontú a bhaineann le Tús Áite do Thithíocht.
    - Tacú leis an gcur chuige duine-lárnaithe agus téarnaimh ar a bhfuil Tithíocht ar dTús bunaithe.
    - Acmhainní a chur ar fáil chun tacú leo siúd a bhfuil baint acu le soláthar, lena n-áirítear oiliúint, treoirlínte agus acmhainní ar líne.

3. **Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Cumarsáid**
    - Caidreamh oibre láidir a chothú agus a choinneáil ar bun go díreach leis na páirtithe leasmhara go léir agus trí Ghrúpa Náisiúnta Cur Chun Feidhme um Thús Áite do Thithíocht.
    - Feidhmiú mar urlabhraí na meán agus mar éadan poiblí an chláir náisiúnta Thithíocht ar dTús.
    - Straitéis sonraí agus taighde a chur i bhfeidhm a chinntíonn go dtáirgtear sonraí infhíoraithe iontaofa.
    - Tuarascálacha rialta a chur ar fáil maidir le dul chun cinn maidir le tiomantais a chomhlíonadh agus spriocanna a bhaint amach faoin gclár náisiúnta Tithíocht ar dTús.
    - Naisc a fhorbairt le cláir eile um Thithíocht ar dTús ar fud an domhain d'fhonn foghlaim ón gcleachtas is fearr.
    - Ábhar faisnéisithe a sholáthar don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus don Roinn Sláinte, de réir mar is gá.

## CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ

An t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi, ba cheart go mbeadh cáilíocht aitheanta tríú leibhéal (go leibhéal 7 ar a laghad den Chreat Cáilíochtaí Náisiúnta) nó taithí cúig bliana ar a laghad aige/aici i bpost maoirseachta i ndisciplín ábhartha. I measc na ndisciplíní ábhartha bheadh Beartas agus Reachtaíocht Tithíochta inar leagadh béim ar leith ar Easpa Dídine, cúlra san eolaíocht shóisialta, nó taithí tithíochta le húdarás áitiúil, gníomhaireacht reachtúil, Comhlacht Tithíochta Ceadaithe nó Eagraíocht Neamhrialtasach. Ina theannta sin, éileofar go mbeidh scileanna maithe TFC go leibhéal idirmheánach ar a laghad ag an iarrthóir rathúil, agus go mbeidh ardchaighdeán scileanna cumarsáide, idir scríofa agus béil aige/aici.

## Inniúlachtaí

- **Torthaí a Bhainistiú agus a Bhaint Amach -** a bheith ábalta réimse tionscadail agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla a bhainistiú go rathúil ag an am céanna. An cumas réimsí atá le feabhsú a shainaithint go réamhghníomhach agus réitigh phraiticiúla a fhorbairt lena gcur i bhfeidhm. Taithí láidir maidir le bheith ag obair le páirtithe leasmhara iomadúla chun torthaí dearfacha a sholáthar.
- **Anailís agus Cinnteoireacht** - faisnéis ó fhoinsí ábhartha a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu d'fhonn na saincheisteanna ábhartha a mheá chun cabhrú le cinntí eolasacha a dhéanamh.
- **Ceannaireacht Foirne** - foireann a threorú trí shampla agus trí thacú le baill foirne aonair de réir mar is gá. Tionchar agus rannpháirtíocht a úsáid chun forbairt Tús Áite do Thithíocht a threorú ar fud na tíre.
- **Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide** - caidreamh le príomhpháirtithe leasmhara a chruthú agus a chothú, oibriú laistigh d'fhoirne éagsúla, scileanna maithe rannpháirtíochta agus idirbheartaíochta, scileanna maithe meán, agus chun tuarascálacha a ullmhú agus a chur i láthair do phríomhpháirtithe leasmhara agus déileáil go héifeachtach leo. Scileanna cumarsáide éifeachtacha ó bhéal, faisnéis chasta a chur ar fáil go soiléir, go gonta agus go muiníneach. Scileanna cumarsáide scríofa den scoth lena n-áirítear scileanna láidre maidir le scríobh tuarascála agus iad a chur i láthair.

- **Eolas Speisialtóra**
  - Teist chruthaithe maidir le freagraí rathúla a thabhairt ar easpa dídine, tithíocht nó réimse gaolmhar.
  - Eolas cuimsitheach ar bheartas tithíochta agus go háirithe ar Thús Áite do Thithíocht.
  - Eolas ar thacaíochtaí sláinte agus ar phrionsabail Thithíocht ar dTús.
  - Eolas ar an tseirbhís phoiblí agus ar obair an Rialtais áitiúil agus an Rialtais náisiúnta.

## Scála Tuarastail - Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach **Scálaí ÚÁ**

€80,967 – €81,689 – €84,866 – €88,063 – €91,266 – €94,435 – €97,624
BFS1 €101,240
BFS2 €107,004

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.** D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

## Fad an Chonartha

Is ról buan é seo agus tá sé faoi réir tréimhse promhaidh 12 mhí a chríochnú go rathúil.

## Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

a. Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b. Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c. Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
d. Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
e. Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
f. Saoránach neamh-AE ag a bhfuil víosa stampa 4 agus atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a chónaíonn ann.

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais – Dé hAoine an 25 Meán Fómhair 2025 ag 12 meán lae**

## Nós Imeachta an Iarratais

**Conas clárú:**
Táthar ag súil go gcuirfidh iarratasóirí Curriculum Vitae agus Ráiteas Pearsanta isteach ina léireofar conas a thagann a dtaithí le próifíl an róil (dhá leathanach ar a mhéad). Ní bhreithneofar iarratasóirí nach gcomhlíonann na ceanglais iarratais thuas ag céim an ghearrliosta.

Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach trí ríomhphost i bhformáid PDF chuigrecruitment@housingagency.ie

- Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil
- Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta deiridh agus na huaire deiridh
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh an duine as an bpost tar éis é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.